



An Coimisiún  
Eorpach



---

# TREOIR DO SHAORÁNAIGH MAIDIR LE ROCHTAIN AR CHEARTAS I gCÚRSAÍ COMHSHAOIL

*Comhshaol*

## **TREOIR DO SHAORÁNAIGH MAIDIR LE ROCHTAIN AR CHEARTAS I gCÚRSAÍ COMHSHAOIL**

An Coimisiún Eorpach  
Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil

Níl an Coimisiún Eorpach ná aon duine eile a bheadh ag gníomhú thar ceann an Choimisiúin freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis thíos.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2018

© An tAontas Eorpach, 2018

Údaraítear athúsáid ach an fhoinse a admháil. Déantar beartas atáirgthe dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh a rialú le Cinneadh 2011/833/AE (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39).

Chun grianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart an Aontais a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a fháil go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt.

Print	KH-03-18-077-GA-C	ISBN 978-92-79-89686-6	doi:10.2779/031827
PDF	KH-03-18-077-GA-N	ISBN 978-92-79-89671-2	doi:10.2779/113708

*Printed by Imprimerie Centrale in Luxembourg*

## CLÁR NA nÁBHAR

RÉAMHRÁ .....	3
BUNRIACHTANAIS .....	4
NA RÁTHAÍOCHTAÍ .....	8
Ceart chun dúshlán dlíthiúil a thionscnamh .....	8
Scrúdú an bhreithimh .....	12
Cúrsaí a chur ina gceart .....	17
Tráthúlacht .....	21
Faisnéis phraiticiúil .....	22

Séanadh:

Ní chruthaítear in aon slí oibleagáid i leith Ballstáit sa Treoir seo do Shaoránaigh.  
Tá léirmhíniú críochnaitheach dhlí an Aontais faoi lánrogha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

## RÉAMHRÁ

An 28 Aibreán 2017, ghlac an Coimisiún Eorpach Fógra maidir le rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil<sup>a</sup> chun míniú mionsonraithe a thabhairt ar an méid a bhí le rá ag Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa faoin dóigh ar cheart do bhreithiúna náisiúnta déileáil le dúshlán dhlíthiúla a thionscnaíonn baill den phobal i gcoinne chinntí, ghníomhartha nó neamhghníomhartha údaráis phoiblí na mBallstát a théann i gcion ar an gcomhshaoil<sup>b</sup>.

Ag baint úsáid as an bhformáid *ceisteanna coitianta*, soláthraítear achoimre sa Treoir seo do Shaoránaigh ar phríomhthorthaí an Fhógra. Máthairfhoinse na faisnéise is ea an Fógra é féin, agus ba cheart féachaint air le haghaidh mínithe níos mionsonraithe. Soláthraítear crostgairtí ar fud théacs na Treorach.

D’ullmhaigh Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil de chuid an Choimisiúin Eorpaigh an Treoir do Shaoránaigh. Níl sí ceangailteach nó níl sí beartaithe ar shlí ar bith imeacht ó ábhar substainteach an Fhógra.

---

a Tá C(2017)2616, IO C 275, 18.8.2017, Ich.1, ar fáil i leaganacha teanga éagsúla ag <http://ec.europa.eu/environment/aarhus/legislation.htm>

b Ní chumhdaítear ann dúshlán dhlíthiúla a thionscnaíonn páirtí príobháideach amháin i gcoinne páirtí príobháideach eile, féach alt 15 den Fhógra.

# BUNRIACHTANAIS

## Cad é a chiallaíonn rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil?

Sraith ráthaíochtaí is ea rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil trínar féidir le baill den phobal cur i gcoinne dhlíthiúlacht chinntí, ghníomhartha nó neamhghníomhartha údaráis phoiblí na mBallstát os comhair breitheamh náisiúnta. Ciallaíonn “*baill den phobal*” daoine aonair agus a gcomhlachais.

Cumhdaítear faoin tsraith ráthaíochtaí cad ba cheart tarlú roimh dhúshlán a thionscnamh, le linn dúshlán a thionscnamh agus i ndiaidh dúshlán a thionscnamh.

Tá sé comhdhéanta den mhéid a leanas:



Ceart chun dúshlán dlíthiúil a thionscnamh.



Go ndéanfaidh breitheamh náisiúnta scrúdú dóthanach ar an dúshlán.



Go ndéanfaidh an breitheamh bearta chun cúrsaí a chur ina gceart má aontaíonn sé leis an dúshlán.



Cosaint an ghearánaí ó bheith air nó uirthi costais róchostasacha a íoc as an dúshlán a thionscnamh, go háirithe má dhiúltaíonn an breitheamh é.



Tráthúlacht maidir le déileáil leis an dúshlán.



Faisnéis phraiticiúil faoi conas dúshlán a thionscnamh.



---

## Cad iad na cineálacha cinntí, gníomhartha agus neamhghníomhartha ar féidir cur ina gcoinne?

Cinntí, gníomhartha agus neamhghníomhartha arna gcumhdach faoi dhlí an Aontais Eorpaigh (AE) um chomhshaol.

Ghlac AE dlíthe tábhachtacha chun an comhshaol a chosaint. Tá sé mar aidhm leo sin dramhaíl agus truailliú a laghdú agus caighdeán an aeir, an uisce agus an dúlra a chosaint. Chun iad a chur chun feidhme teastaíonn an méid a leanas:

- go nglacfaidh parlaimintí agus airí náisiúnta reachtaíocht náisiúnta agus gníomhartha rialála lena leagtar síos oibleagáidí do na húdaráis aonair agus lena gcruthaítear cearta don phobal;
- go nglacfaidh údaráis phoiblí aonair pleananna agus cláir, go ndéanfaidh siad maoirseacht ar mheasúnachtaí tionchair timpeallachta, go rachaidh siad i gcomhairle leis an bpobal, go gcinneadh siad ar iarratais ar cheadanna agus ar údaruithe eile, go ndéanfaidh siad monatóireacht ar staid an chomhshaoil agus go gcomhlíonfaidh siad cúraimí comhshaoil eile.<sup>1</sup>

Cumhdaítear faoi rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil cinntí, gníomhartha agus neamhghníomhartha ar na leibhéil éagsúla cur chun feidhme sin. D'fhéadfadh cásanna eisceachtúla a bheith cumhdaithe faoi chomh maith, amhail cinntí chun gníomh nó gníomhaíocht neamhúdaráithe a rialú.<sup>2</sup>

---

## Cén fáth a bhfuil cead cur i gcoinne cinntí, gníomhartha agus neamhghníomhartha?

Tá dhá údar leathana ann.

Ar an gcéad dul síos, ní mór do dhaoine aonair agus dá gcomhlachais a bheith ábalta ceart ar bith atá acu faoi dhlí AE um chomhshaol a chosaint. Ciallaíonn sé sin a bheith ábalta dul i gcoinne cinnidh, gníomh nó neamhghníomh ar bith lena léirítear dímhéas ar na cearta sin.

Ar an dara dul síos, tá AE bunaithe ar an dlí agus ar an smacht reachta. Tá sé ríthábhachtach gur féidir a cheangal ar údaráis phoiblí na hoibeagláidí comhshaoil a chuirtear orthu a chomhlíonadh mar is ceart. Seachas sin tá an baol ann go gciallóidh an dlí rudaí difriúla in áiteanna difriúla agus go mbeidh cosaint an chomhshaoil níos ísle i roinnt codanna den Aontas Eorpach (AE) ná mar atá sé i gcodanna eile.<sup>3</sup>

## Cad iad na cineálacha cearta comhshaoil atá ag daoine aonair agus ag a gcomhlachais?

Tá dhá chineál ann; cearta nós imeachta agus cearta substainteacha.

Baineann cearta nós imeachta le rannpháirtíocht an phobail de ghnáth. Baineann siad de ghnáth leis an dóigh a gcuireann údarás poiblí cinntí beartaithe in iúl don phobal, an dóigh a bhfaigheann sé aighneachtaí ó bhail den phobal, an dóigh a gcuireann sé iad sin san áireamh agus an dóigh a bhfógraíonn sé an cinneadh deiridh go poiblí.<sup>4</sup> Ceanglaítear ard-tábhacht i ndlí AE um chomhshaoil ar rannpháirtíocht éifeachtach an phobail toisc gur féidir le bail den phobal a n-ábhair inmí a chur in iúl leis agus iad a chur san áireamh.





Cumhdaítear faoi chearta substainteacha leasanna aonair amhail sláinte an duine, cosaint réadmhaoine agus teidlíocht chun úsáid a bhaint as an gcomhshaol chun críche faoi leith amhail iascaireacht caitheamh aimsire. Tá sé mar aidhm lena lán dlíthe AE um chomhshaol sláinte an duine a chosaint, mar shampla dlíthe chun truailliú aeir a rialú nó chun uisce óil a chosaint. D'fhéadfadh cearta substainteacha teacht chun cinn faoi dhlíthe AE um chaomhnú an dúlra chomh maith, go háirithe chun cead a thabhairt do chumainn chomhshaoil gníomhú ar mhaithe leis an leas ginearálta. *“Ní féidir leis an uisce ná na héisc atá ag snámh ann dul chun na cúirte. Mar an gcéanna níl seasamh dlíthiúil ar bith ag crainn”*<sup>c</sup>. Is féidir le cumainn chomhshaoil labhairt ar a son, áfach.

---

## Conas a forbraíodh rochtain ar cheart i gcúrsaí comhshaoil?

Ceanglaítear le “dlíchóras AE”, .i. córas dlí foriomlán AE, go gcuirfear dlíthe a chomhaontófar ar leibhéal AE chun feidhme go héifeachtach. Is éard atá i gceist leis sin go seasann breithiúna náisiúnta le cearta agus oibleagáidí. In 2005, cuireadh AE faoi cheangal comhaontú idirnáisiúnta, Coinbhinsiún Aarhus<sup>d</sup> lena gcuirtear, i measc nithe eile, rochtain ar cheartas ar chúrsaí comhshaoil chun cinn agus lena n-aithnítear an ról speisialta a fheidhmíonn cumainn chomhshaoil chun an comhshaol a chosaint. Ag an am céanna, thug AE forálacha um rochtain ar cheartas isteach i roinnt píosáí sonracha de reachtaíocht AE um chomhshaol. Le himeacht ama, rinne Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa a lán rialaithe ina mínítear go soiléir an chiall ar cheart a bheith ag rochtain ar cheartas i ngníomh. Bhí a lán den rialú sin mar fhreagairt ar iarratais ó bhreithiúna náisiúnta le haghaidh léirmhíniú na Cúirte ar conas is ceart dóibh déileáil le dúshláin dhlíthiúla shonracha. Ba iad daoine aonair nó cumainn a raibh imní orthu faoin gcomhshaol a thionscain na dúshláin sin de ghnáth. I ndlíchóras AE, tá léirmhíniú na Cúirte ar dhlí AE ceangailteach d'údaráis uile na mBallstát, lena n-áirítear breithiúna náisiúnta.<sup>6</sup>

.....  
c Tuairim Ardabhcóide Sharpston i gCás C-664/15, *Cosain, alt 77*.

d An Coinbhinsiún maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil.

# NA RÁTHAÍOCHTAÍ



## Ceart chun dúshlán dlíthiúil a thionscnamh

Ní éistfidh breitheamh le daoine aonair nó lena gcomhlachais ach amháin má tá ceart acu dúshlán dlíthiúil a thionscnamh. Tugtar *seasamh dlíthiúil* air sin. Tá seasamh dlíthiúil bunúsach. Ceart atá ann chun cearta eile a chosaint, .i. na cearta nós imeachta agus substainteacha a luadh faoi *Bunriachtanais*. Gan sin, ní thiocfadh na rátháíochtaí um rochtain ar cheartas isteach sa scéal.<sup>7</sup>

---

### Cé hiad na daoine a bhfuil seasamh dlíthiúil acu?

Bíonn cibé an bhfuil seasamh dlíthiúil ag duine éigin nó cá mhéad seasamh dlíthiúil atá ag duine éigin éagsúil de réir:

- > na rialacha ar sheasamh i ngach córas dlí náisiúnta;
- > cibé an gceanglaítear nó nach gceanglaítear le píosaí sonracha de reachtaíocht AE um chomhshaol go soláthróidh na Ballstáit seasamh dlíthiúil;
- > cibé an bhfuil an dúshlán dlíthiúil atá beartaithe á thionscnamh ag duine aonair nó ag cumann comhshaoil aitheanta;
- > cibé an bhfuil cearta nós imeachta nó cearta substainteacha AE i gceist nó nach bhfuil.

---

## Cad a deirtear sna rialacha náisiúnta ar sheasamh dlíthiúil?

Deirtear rudaí éagsúla i rialacha náisiúnta éagsúla. Téann roinnt Ballstát chomh fada is go gceadaíonn siad ceart seasaimh ginearálta — *actio popularis* mar a deirtear. Ceanglaíonn Ballstáit eile ar ghearánaí a léiriú don bhreitheamh go bhfuil go leor leasa acu chun an dúshlán a thionscnamh. Mar sin féin ceanglaíonn cuid eile díobh ar an ngearánaí a léiriú go lagaíonn cinneadh, gníomh nó neamhghníomh ar cuireadh ina choinne cearta atá ag an ngearánaí sin.

---

## An iad na rialacha náisiúnta amháin atá le cur i bhfeidhm?

Ní gá go bhfuil. Má chuirtear barraíocht srianta ar an gceart chun dúshlán dlíthiúil a thionscnamh leis na rialacha náisiúnta, d'fhéadfadh sé go gcaithfeadh an breitheamh náisiúnta iad a chaitheamh amach chun cloí le dlí AE. Go sonrach, d'fhéadfaí ceanglas a chur ar bhreitheamh le dlí AE sraith níos leithne ceart níos imeachta agus substainteach a chosaint ná mar a dhéantar leis na rialacha náisiúnta maidir le seasamh.

---

## Cad iad na píosáí sonracha de reachtaíocht AE um chomhshaol lena gceanglaítear seasamh dlíthiúil a sholáthar?

Iad siúd ina bhfuil forálacha sonracha maidir le rochtain ar cheartas.

Faoi na píosáí reachtaíochta lena mbaineann cumhdaítear cinní, gníomhartha agus neamhghníomhartha maidir le hiarratais ar fhaisnéis ar an gcomhshaol, measúnacht tionchair timpeallachta, ceadanna tionsclaíochta agus dliteanas comhshaoil.<sup>8</sup>

---

## Cad iad na difríochtaí idir seasamh dlíthiúil le haghaidh daoine aonair agus seasamh dlíthiúil le haghaidh cumainn chomhshaoil?

Is é an pointe tosaigh gur féidir le duine aonair agus cumann dúshlán dlíthiúil a thionscnamh chun cearta ar bith atá acu a chosaint.

Mar sin féin, tá sé mar aidhm ag Coinbhinsiún Aarhus agus cuid de na píosáí sonracha de reachtaíocht AE um chomhshaoil a luadh thuas ceart leathnaithe a thabhairt maidir le seasamh dlíthiúil do roinnt cumann chomhshaoil. Is é an t-údar atá leis sin go ngníomhaíonn na cumainn ar mhaithe leis an leas ginearálta chun an comhshaoil a chosaint. Mura bhfuil seasamh dlíthiúil ag na cumainn sin — d'fhéadfadh sé nach n-aimseofaí tacadóir choíche do roinnt leasanna ginearálta tábhachtacha — amhail cosaint an dúlra. Tá ról tábhachtach na gcumann chomhshaoil aitheanta ag Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa.

Is éan ceart leathnaithe a thugtar do na cumainn sin go gcaithfidh an breitheamh náisiúnta caitheamh amhail is go bhfuil teidlíocht uathoibríoch acu chun dúshlán dlíthiúil a thionscnamh. Ciallaíonn sé sin go meastar go gcomhlíonann siad ceanglais seasaimh ar bith atá leagtha amach sa dlí náisiúnta. I gcodarsnacht leis sin, féadfaidh duine aonair a chur ina luí ar an mbreitheamh ar dtús go bhfuil go leor leasa acu nó gur lagaíodh ceart.

---

## An féidir le Ballstáit a iarraidh ar chumainn chomhshaoil coinníollacha a chomhlíonadh chun an ceart leathnaithe sin a fháil?

I bprionsabal, is féidir.

Mar sin féin, ní féidir é a dhéanamh ró-dheacair do chumann chomhshaoil aitheantas a fháil leis na critéir a bhunaíonn an Ballstát. Lena chois sin, ba cheart dóibh leasanna na gcumann chomhshaoil beag agus áitiúil a chur san áireamh. Mar shampla, ní féidir leibhéal ballraíochta riachtanach a shocrú ró-ard.<sup>9</sup>

---

## Cén seasamh dlíthiúil ar cheart a thabhairt nuair atá cearta nós imeachta nó cearta substainteacha AE i gceist?

I roinnt rialuithe suntasacha, thug an Chúirt Bhreithiúnais míniú soiléir ar an seasamh dlíthiúil nach mór do bhreithiúna náisiúnta iad a aithint chun seasamh le cearta nós imeachta agus substainteacha AE agus comhlíonadh na n-oibleagáidí a fhorchuirtear ar údaráis phoiblí a áirithiú. Sna rialuithe sin léirítear go gceanglaítear le dlí AE corruair go dtabharfar seasamh dlíthiúil **fiú mura bhfuil sé luaite i bpíosaí sonracha ar bith de reachtaíocht AE.**

Mar shampla, dhearbhaigh an Chúirt an gá atá ann go n-aithneodh breithiúna náisiúnta an méid seo a leanas:


- seasamh cumainn chomhshaoil maidir le dul i gcoinne cinneadh údaráis phoiblí lena bhfaomhtar tionscadal i suíomh atá faoi chosaint le dlí AE maidir leis an dúlra;<sup>10</sup>
- seasamh cumainn chomhshaoil maidir le dul in aghaidh cinneadh údaráis phoiblí lena dtugtar páirt-díolúine (.i. maolú) ó chosc ar bhéir dhonna a sheilg mar atá leagtha amach sa dlí céanna AE maidir leis an dúlra;<sup>11</sup>
- seasamh daoine aonair agus cumann maidir le dul i gcoinne loiceadh údaráis phoiblí plean a ghlacadh a éilítear faoi dhlí AE a bhfuil sé d'aidhm leis neamhchosaint an phobail ar thruaillíú aer a laghdú.<sup>12</sup>

Sna cásanna a luadh, d'éiligh an Chúirt go soláthrófaí seasamh dlíthiúil fiú mura raibh forálacha sonracha um rochtain ar cheartas sna dlíthe ábhartha AE agus fiú murar soláthraíodh seasamh dlíthiúil sna rialacha náisiúnta<sup>e</sup>.

---

<sup>e</sup> Ó foilsíodh an Fógra, thug an Chúirt rialú i mí na Nollag 2017 i gcás a bhain le gníomhaíocht nua a d'fhéadfadh dul i gcion ar cháilíocht docharlaigh, féach Cás C-664/15, *Cosain*.

## Scrúdú an bhreithimh



Tá an cúram ag an mbreitheamh náisiúnta a sheiceáil ar ghníomhaigh an t-údarás poiblí ar bhealach atá ceart de réir an dlí nó nár ghníomhaigh. Tugtar *athbhreithniú breithiúnach* air sin. Ciallaíonn sé sin scrúdú a dhéanamh ar na fíricí taobh thiar de ghníomh nó de neamhghníomh an údaráis. Ciallaíonn sé chomh maith scrúdú a dhéanamh ar an méid a bhí ceangailte ar an údarás a dhéanamh faoi dhlíthe AE um chomhshaoil lenar bhain.

Tá dhá ghné le raon feidhme an athbhreithnithe bhreithiúnaigh. Is éard atá i gceist leis an gcéad cheann an féidir nó nach féidir leis an mbreitheamh diúltú do scrúdú a dhéanamh ar réimsí áirithe dlí agus argóintí dlíthiúla. Is éard atá i gceist leis an dara ceann cé chomh dian is a chaithfidh an breitheamh scrúdú a dhéanamh ar na fíricí agus na hargóintí atá inghlactha. Tugtar an *caighdeán athbhreithnithe* air sin.<sup>13</sup>

---

### An féidir le breitheamh náisiúnta srian a chur ar na réimsí dlí agus argóintí dlíthiúla a scrúdóidh siad?

Is féidir, go pointe áirithe.

Ghlac Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa gur féidir leis na breithiúna náisiúnta, i ndúshlán dhlíthiúla in aghaidh cinntí ar ghníomhaíochtaí sonracha, srian a chur ar dhuine aonair úsáid a bhaint as argóintí dlíthiúla a thacaíonn le leasanna nó cearta lenar tugadh seasamh dlíthiúil don duine aonair. Níl feidhm ag an srian sin, áfach, i leith cumainn chomhshaoil aitheanta. Tá siad sin i dteideal foráil ar bith de dhlí AE um chomhshaoil a ardú ina n-argóintí.<sup>14</sup>

---

## An féidir leis an mbreitheamh náisiúnta srian a chur ar dhúshlán dlíthiúil maidir leis na hagóidí céanna a rinneadh i nós imeachta riaracháin roimhe sin?

Sula ndéanann údarás poiblí cinneadh, bíonn nós imeachta riaracháin ann uaireanta lena féidir le duine aonair nó cumann comhshaoil agóidí a chur in iúl. I gcás go dtionscnaíonn an duine aonair nó an cumann comhshaoil dúshlán dlíthiúil ansin, cuirtear oibleagáid orthu faoi roinnt rialacha náisiúnta coinneáil leis na hagóidí céanna a rinne siad le linn an nós imeachta riaracháin. Tugtar *cosc* argóintí air sin.

I rialú a bhain le dúshlán dlíthiúil a bhaineann le cinneadh údaráis phoiblí maidir le gníomhaíocht shonrach, dhiúltaigh an Chúirt Bhreithiúnais a chosc. Rialaigh sí nach n-áiríteofaí cosc argóintí athbhreithniú breithiúnach éifeachtach agus tá sé de dhualgas ar bhreithiúna náisiúnta measúnú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht nós imeachta agus shubstainteach an chinnidh ar cuireadh ina choinne.<sup>15</sup>

---

## Cad faoi argóintí a dhéantar go maslach nó le drochintinn?

Féadfaidh an breitheamh náisiúnta diúltú do scrúdú a dhéanamh ar argóintí dá leithéid, .i. déileáil leo mar argóintí doghlactha.<sup>16</sup>

---

## An gcaithfear an caighdeán céanna athbhreithnithe a chur i bhfeidhm ar fud AE?

Go pointe áirithe, caithfear.

Ar lámh amháin, tá caighdeán éagsúla athbhreithnithe i mBallstáit éagsúla cheana. Le roinnt caighdeán náisiúnta ceanglaítear ar bhreithiúna náisiúnta agus ceadaítear dóibh scrúdú níos mine a dhéanamh ar chinntí, gníomhartha agus neamhghníomhartha ar cuireadh ina gcoinne. Glacann Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa leis an bhféidearthacht go mbeadh caighdeán éagsúla ann. Mar sin féin, éilíonn an Chúirt nach mór do na breithiúna náisiúnta, pé caighdeán atá i gceist, a bheith ábalta prionsabail agus rialacha dhlí AE atá ábhartha a chur i bhfeidhm go héifeachtach.



Áirítear air sin ábhar sonrath agus cuspóirí dhlíthe sonracha AE a chur san áireamh agus seasamh le cearta agus oibleagáidí ábhartha. Go dtí an pointe áirithe sin, tá íoschaighdeán comhchoiteann ann nach mór do na breithiúna náisiúnta ar fad é a chur i bhfeidhm.<sup>17</sup>

---

## Cad ba cheart don bhreitheamh náisiúnta a scrúdú agus caighdeán athbhreithnithe á chur i bhfeidhm aige nó aici?

Ba cheart don bhreitheamh náisiúnta scrúdú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht nós imeachta agus shubstainteach an chinnidh, gníomh nó neamhghníomh ar cuireadh ina choinne.

---

## Cad atá ábhartha do scrúdú an bhreithimh náisiúnta ar dhlíthiúlacht nós imeachta.

Baineann dlíthiúlacht nós imeacht le:

- cibé an raibh nó nach raibh an chumhacht dhlíthiúil ag an údarás poiblí lena mbaineann chun an cinneadh, an gníomh nó an neamhgníomh a bhfuiltear ag cur ina choinne a dhéanamh;
- cibé ar lean nó nár lean an t-údarás poiblí, go hiomlán agus mar is ceart, nós imeachta a leagadh síos chun cinneadh, gníomh a ghlacadh, mar shampla nós imeachta lena n-éilítear comhairliúchán leis an bpobal;
- cibé an féidir nó nach féidir an cinneadh, gníomh a fháil san fhoirm cheart.

D'fhéadfadh cinní, gníomhartha nó neamhgníomhartha a bhaineann le rialtú beart neamhdhleathach bheith i gceist sa scrúdú ar dhlíthiúlacht nós imeachta chomh maith.<sup>18</sup>

---

## Cad atá i gceist le scrúdú ar dhlíthiúlacht shubstainteach?

Baineann sé sin lena sheiceáil an sáraíodh nó nár sáraíodh substaint an dlí? Cumhdaítear faoi scrúdú an bhreithimh ar na fíricí agus ar **na fiúntais a bhaineann le cinneadh, gníomh nó neamhgníomh ar cuireadh ina choinne.**

---

## Cén fáth a bhfuil sé d'oibleagáid ar an mbreitheamh náisiúnta scrúdú a dhéanamh ar fhírí cáis?

Dá mba rud é nach bhféadfadh breitheamh náisiúnta athbhreithniú a dhéanamh choíche ar na fírí ar a mbunaíonn an t-údarás poiblí a chinneadh, d'fhéadfadh sé sin, ón dtús, cosc a chur ar ghearánaí dúshlán dlíthiúil bailí féideartha a chur i láthair go héifeachtach. I gcás go bhfuil na fírí neamhiomlán nó mícheart, nó gur léirmhíodh go mícheart iad, beidh iarmhairt dhíreach ag an mbotún ar cháilíocht an chinnidh, an ghnímh nó an neamhghnímh atá i gceist agus d'fhéadfadh sé sin dochar a dhéanamh do chuspóirí dhlí AE um chomhshaol.<sup>19</sup>

---

## Cad a chiallaíonn scrúdú a dhéanamh ar na fírí agus ar na fiúntais a bhaineann le cinneadh, gníomh nó neamhghníomh?

Agus cinneadh nó gníomh á ghlacadh nó staonadh ó ghníomh a ghlacadh, beidh scóip áirithe lánrogha ag an údarás poiblí go minic. Cumhdaítear faoin scóip sin an dóigh a ndéanann an t-údarás measúnú ar na fírí ábhartha agus na conclúidí a fhaigheann sé astu. Is éard atá i gceist le scrúdú a dhéanamh ar na fiúntais a bhaineann le cinneadh, gníomh nó neamhghníomh go ndéanann an breitheamh náisiúnta seiceáil ar an dóigh an n-úsáideann an t-údarás poiblí an lánrogha sin.

Agus amhlaidh á dhéanamh, ní mór don bhreitheamh náisiúnta ábhar sonrach agus cuspóirí dhlíthe sonracha AE a chur san áireamh agus seasamh le cearta agus oibleagáidí ábhartha AE. Le haghaidh roinnt dhlíthe sonracha AE um chomhshaol, leagann an Chúirt Bhreithiúnais amach conas is ceart don bhreitheamh náisiúnta an úsáid a bhaineann údaráis phoiblí as a lánrogha a sheiceáil. Mar shampla, tá diantástáil aige as úsáid lánrogha a sheiceáil i ndáil le cinntí ar phleananna agus ar thionscadail a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do na láithreáin atá faoi chosaint dhlí AE maidir leis an dúlra.<sup>20</sup>

Go ginearálta, a mhó atá éifeacht ag cinneadh, gníomh nó neamhghníomh ar an gcomhshaol, is ea is déine a d'fhéadfadh scrúdú an bhreithimh ar lánrogha a bheith. Léiríonn sé sin prionsabal ar a dtugtar comhréireacht<sup>21</sup>.

---

## Conas is féidir leis an mbreitheamh náisiúnta a bheith ar an eolas faoi ábhar sonrach agus cuspóirí a éilítear le dlíthe sonracha AE?

D'fhéadfadh siad sin a bheith dea-bhunaithe nó a bheith soiléir. Más tá amhras ar bith ann, áfach, féadfaidh an breitheamh náisiúnta — agus ní mór dó/di uaireanta — a iarraidh ar Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa léirmhíniú a sholáthar.<sup>22</sup>

---

## An gcaithfidh an breitheamh náisiúnta scrúdú a dhéanamh ar bhailíocht reachtaíochta náisiúnta agus gníomhartha rialála?

Corruair.

Go sonrach, ní mór do bhreithiúna náisiúnta a bheith réidh le scrúdú a dhéanamh ar cibé an ndéantar nó nach ndéantar é seo a leanas ar shlí éagórach leis an reachtaíocht náisiúnta nó gníomhartha rialála:

- srian a chur le cearta daoine aonair agus a gcomhlachais faoi dlí AE um chomhshaol;
- oibleagáidí go bhfuiltear ag dréim go gcomhlíonfaidh na Ballstáit dlíthe AE um chomhshaol a laghdú.<sup>23</sup>

---

## Conas a dhéileálfaidh an breitheamh náisiúnta le ceisteanna a bhaineann le bailíocht dhlíthe AE iad féin agus ghníomhartha a ghlacann comhlachtaí AE?

Tá nós imeachta ann lena gceanglaítear ar an mbreitheamh náisiúnta a iarraidh ar Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa a shonrú go bhfuil dlíthe nó gníomhartha AE [iad féin] neamhbhailí.<sup>24</sup> Sa chás sin, déanann an Chúirt í féin athbhreithniú breithiúnach.

## Cúrsaí a chur ina gceart

Téann ról an bhreithimh náisiúnta níos faide ná a chinneadh ar ghníomhaigh an t-údarás poiblí laistigh den dlí nó nár ghníomhaigh. Go sonrach, d'fhéadfadh sé go gcaithfeadh an breitheamh orduithe a dhéanamh má fhaigheann siad gur ghníomhaigh an t-údarás poiblí go neamhdhleathach.



D'fhéadfadh gníomhaíochtaí neamhdhleathacha — nó easpa gnímh — ag údarás poiblí bagairt a chur ar an bpobal nó ar an timpeallacht nádúrtha nó dochar a dhéanamh dóibh. Má bhíonn an bhagairt nó an dochar tromchúiseach, ba cheart do na breithiúna náisiúnta ordú a eisiúint chun cosc nó stop a chur leo nó iad a réiteach — agus comhlíonadh dhlí AE a áirithiú. Tugtar leigheasanna nó faoisimh éifeachtacha ar na horduithe sin. Ag brath ar an mbagairt nó ar an dochar, d'fhéadfadh cineálacha éagsúla ordaithe a bheith cuí. Le córais dhlíthiúla na mBallstát ba cheart do na breithiúna orduithe dá leithéid a dhéanamh.<sup>25</sup>

---

### Cad ba cheart tarlú má fhaigheann breitheamh náisiúnta go ndearna údarás poiblí mionbhotún nós imeachta?

Ní theastaíonn leigheasanna éifeachtacha i leith mionbhotúin nós imeachta, ar an gcoinníoll gur féidir a dhearbhu nach raibh tionchar acu ar chinneadh an údaráis phoiblí ar cuireadh ina choinne. Is faoin údarás poiblí agus ní faoin ngearánaí atá sé é sin a léiriú.<sup>26</sup>

---

### .... nó go sáraíonn údarú, gníomh rialála nó reachtaíocht náisiúnta dlí AE um chomhshaol?

Sna cásanna sin, beidh ordú chun an cinneadh nó an gníomh ar cuireadh ina choinne a chur ar fionraí, a chúlghairm nó a neamhniú cuí.<sup>27</sup>

---

## ...nó gur fhág údarás poiblí gníomh gan déanamh go neamhdhleathach?

Ceanglaítear ar údaráis phoiblí bearta ginearálta nó sonracha a dhéanamh chun comhlíonadh dhlí AE um chomhshaol a áirithiú. Má theipeann orthu é sin a dhéanamh, d'fhéadfadh sé go gcaithfeadh an breitheamh náisiúnta gníomhú. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go mbeadh orthu a ordú ar an údarás poiblí plean ar chaighdeán an aeir atá ceangailte de réir an dlí a ghlacadh, chun dul i ngleic le hardleibhéil truaillithe aeir.<sup>28</sup>

---

## ... nó go bhfuil dochar déanta cheana ag gníomh nó neamhghníomh neamhdhleathach ag an údarás poiblí?

Anseo, ba cheart go mbeadh sé d'aidhm leis na horduithe an dochar a rinneadh a leigheas. D'fhéadfadh sé go gciallódh sé sin go gcaithfí measúnacht tionchair timpeallachta a chur i gcrích i gcás gur fágadh ceann gan déanamh go mícheart — nó i gcásanna foircneacha, go gcaithfí oibreacha neamhdhleathacha a rinneadh cheana a bhaint ó chéile.<sup>29</sup> Ar an gcoinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe, d'fhéadfadh cúiteamh a chur ar fáil san ordú don phobal nó le haghaidh caillteanais airgeadais a tharla dóibh mar thoradh ar an ngníomh nó an neamhghníomh neamhdhleathach.<sup>30</sup>

---

## Cad ba cheart a dhéanamh má bhíonn an baol ann go dtarlódh dochar sula bhféadfaidh an breitheamh náisiúnta a rialú deiridh a sheachadadh?

D'fhéadfadh sé a lán ama a ghlacadh don bhreitheamh náisiúnta le measúnú iomlán a dhéanamh ar na hargóintí a cuireadh os a gcomhair agus rialú deiridh a sheachadadh. Idir an dá linn, d'fhéadfadh dochar tromchúiseach nó dochar doleigheasta don chomhshaol a bheith ag tarlú cheana i ngeall ar an gcinneadh, gníomh nó neamhghníomh ar cuireadh ina choinne. Féadfar dul i ngleic leis an riosca sin trí bhearta eatramhacha — ar a dtugtar urghaire corrúair. Is iad sin na horduithe lena gcuirtear cinneadh nó gníomh ar fionraí ar bhonn sealadach nó, i gcás neamhghníomh, ceanglaítear leo ar an údarás poiblí gníomh dearfach sealadach éigin a dhéanamh. Ní mór go dtabharfadh an chumhacht do bhreithiúna leis na córais dhlíthiúla náisiúnta orduithe dá leithéid a dhéanamh nuair is cuí.<sup>31</sup>

## Costais

Cosnaíonn sé airgead chun dul na cúirte. I bhformhór na dtíortha, ní mór don pháirtí a chailleann costais an pháirtí eile a íoc chomh maith lena gcostais féin. Tugtar an prionsabal íocann an cailliúnaí air sin. D'fhéadfaí an riosca go bhféadfaí a lán airgid bheith le híoc bheith ina mhór-dhíspreagadh maidir le dúshlán dlíthiúil a thionscnamh. Míníonn sé sin an fáth go gceanglaítear le dlí AE ar na Ballstáit a áirithiú nach bhfuil nósanna imeachta cúirte a bhaineann le dlí AE um chomhshaoil i bhfad ródhaor — ceanglas NPE.<sup>32</sup>



### Cad a chiallaíonn “nach bhfuil i bhfad ródhaor”?

Ciallaíonn i bhfad ródhaor go gcuirtear cosc ar dhuine dul chun na cúirte mar gheall ar an ualach airgeadais a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar thoradh air. Ní bhunaítear tairseach le dlí AE chun a chinneadh nuair a éiríonn costais ródhaor. Braitheann sé ar na cúinsí faoi leith. Ba cheart go mbeifí ábalta na costais le haghaidh gearánaí féideartha a thuar go réasúnta.<sup>34</sup>

### Cén cineál costas atá cumhdaithe?

Baineann ceanglais NPE leis na costais uile a bhaineann le páirt a ghlacadh i nós imeachta. Mar sin, cumhdaítear faoi:

- > táillí cúirte;
- > an costas ar ionadaíocht dhlíthiúil, lena n-áirítear costais a dhámhtar i bhfabhar an pháirtí eile;
- > an costas ar fhianaise agus táillí saineolaithe;
- > ráthaíochtaí airgeadais ar bith a iarrtar ar an ngearánaí a chur ar fáil, mar shampla chun ordú eatramhach a fháil.

Baineann sé leis na costais ar chéimeanna éagsúla nós imeachta chomh maith, m.sh. achomhairc.<sup>35</sup>

---

## Conas is ceart do bhreitheamh náisiúnta an ceanglas NPE a urramú agus an prionsabal “íocann an cailliúnaí” á chur i bhfeidhm aige/aici?

Tá an prionsabal “íocann an cailliúnaí” i gcomhréir le dlí AE. Mar sin féin, agus dámhachtain costais á déanamh i gcoinne gearánaí nár éirigh leis/léi, ní mór don bhreitheamh náisiúnta an ceanglas NPE a urramú. Is féidir leo líon gnéithe suibiachtúla a chur san áireamh i dtaca leis an gcás sonrath agus leis an ngearánaí, amhail staid airgeadais an ghearánaí agus an tábhacht atá lena bhfuil i gceist don ghearánaí agus don chomhshaol. Ní mór don bhreitheamh a áirithiú i gcónaí, áfach, nach bhfuil na costais a dhámhtar míréasúnta go hoibiachtúil.<sup>36</sup>

---

## Cad é ról féideartha an chúnamh dlíthiúil?

Is féidir le cúnamh dlíthiúil dóibh siúd nach bhfuil go leor acmhainní acu cur lena áirithiú go gcomhlíonadh an ceanglas NPE. Féadfaidh Ballstáit cúnamh dlíthiúil a chur ar fáil ar líon bealaí éagsúla.<sup>37</sup>



## Tráthúlacht

Ní mór do na Ballstáit a áirithiú go ndéantar nósanna imeachta athbhreithnithe bhreithiúnaigh in am agus i dtráth. Tá tráthúlacht ina príomhráthaíocht go mbeidh athbhreithniú breithiúnach éifeachtach.<sup>38</sup>



---

### **An leagtar amach teorainneacha ama sonracha le dlí AE faoina gcaithfear athbhreithnithe breithiúnacha a chur i gcrích?**

Ní leagtar amach teorainneacha ama sonracha ar bith le dlí AE.

---

### **An féidir leis na Ballstáit teorainneacha ama a shocrú chun dúshláin dhlíthiúla a thionscnamh?**

Is féidir. Tá teorainneacha ama chun dúshláin a thionscnamh i gcomhréir le dlí AE ar an gcoinníoll go bhfuil siad réasúnta. Tugtar údar leis na teorainneacha ama sin ar mhaithe le cinnteacht dhlíthiúil.



## Faisnéis phraiticiúil

Tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit faisnéis a chur ar fáil don phobal maidir le rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil. Ní mór dóibh é sin a dhéanamh ar bhealach atá sách soiléir agus beacht. Ba cheart go sroicfeadh an fhaisnéis sin pobal leathan agus ionadaíoch.<sup>39</sup>

---

### Cad iad na hoibleagáidí atá ar na Ballstáit i dtaca le hábhar na faisnéise?

Ba cheart gach gné a bhaineann le rochtain ar cheartas a chumhdach faoin bhfaisnéis a bhaineann le ball den phobal nuair atá cinneadh á dhéanamh acu faoi cibé an dtionscnóidh siad dúshlán dlíthiúil nó nach dtionscnóidh. Ba cheart don fhaisnéis a bheith críochnaithe, beacht agus cothrom le dáta. Ba cheart gach foinse dlí a úsáideadh chun coinníollacha na rochtana a dhearbhu a chumhdach fúithi, lena n-áirítear cás-dlí náisiúnta i gcás go bhfuil ról tábhachtach aige sin. Ba cheart don fhaisnéis a bheith soiléir agus sothuigthe do dhuine nach dlíodóir é/í.

---

### Cé iad na daoine ar féidir díriú air/uirthi sna Ballstáit chun an fhaisnéis sin a fháil?

Is faoi na Ballstáit é cé a bheidh freagrach as an bhfaisnéis a chur ar fáil a chinneadh. Pointe mhaith tosaigh is ea an tAire Ceartais de ghnáth leis an bhfaisnéis a iarraidh.

---

### An bhfuil an fhaisnéis ar fáil ar leibhéal AE?

Tá. Is féidir faisnéis maidir le rialacha ar rochtain ar cheartas sna Ballstáit, lena n-áirítear ar an gcomhshaoil, a fháil tríd an tairseach a bhunaigh Ard-Stiurthóireacht an Cheartais agus um Chosaint Tomhaltóirí de chuid an Choimisiúin Eorpaigh. Tá an nasc anseo: [https://e-justice.europa.eu/content\\_access\\_to\\_justice\\_in\\_environmental\\_matters-300-en.do](https://e-justice.europa.eu/content_access_to_justice_in_environmental_matters-300-en.do)

- 
- |                                    |                            |                            |
|------------------------------------|----------------------------|----------------------------|
| <sup>1</sup> Ailt 32-33 den Fhógra | <sup>14</sup> Ailt 115-117 | <sup>27</sup> Ailt 159-162 |
| <sup>2</sup> Alt 135               | <sup>15</sup> Alt 121      | <sup>28</sup> Ailt 163-164 |
| <sup>3</sup> Ailt 35-37            | <sup>16</sup> Alt 122      | <sup>29</sup> Ailt 168-169 |
| <sup>4</sup> Ailt 45-47            | <sup>17</sup> Ailt 140-141 | <sup>30</sup> Ailt 166-167 |
| <sup>5</sup> Ailt 48-57            | <sup>18</sup> Alt 135      | <sup>31</sup> Ailt 170-173 |
| <sup>6</sup> Ailt 17-30            | <sup>19</sup> Alt 137      | <sup>32</sup> Ailt 174-195 |
| <sup>7</sup> Ailt 58-107           | <sup>20</sup> Ailt 144     | <sup>33</sup> Alt 181      |
| <sup>8</sup> Alt 28                | <sup>21</sup> Alt 150      | <sup>34</sup> Alt 182      |
| <sup>9</sup> Ailt 74-83            | <sup>22</sup> Alt 149      | <sup>35</sup> Ailt 183-185 |
| <sup>10</sup> Ailt 69-70           | <sup>23</sup> Ailt 151-153 | <sup>36</sup> Ailt 186-188 |
| <sup>11</sup> Alt 104              | <sup>24</sup> Alt 154      | <sup>37</sup> Ailt 194-195 |
| <sup>12</sup> Alt 104              | <sup>25</sup> Ailt 155-173 | <sup>38</sup> Ailt 196-201 |
| <sup>13</sup> Alt 108              | <sup>26</sup> Alt 158      | <sup>39</sup> Ailt 202-209 |



## Teagmháil a dhéanamh le hinstitiúidí an Aontais Eorpaigh

### DUL ANN TÚ FÉIN

Tá na céadta Ionad Eolais “*Europe Direct*” ann ar fud an Aontais Eorpaigh. Is féidir leat seoladh an ionaid is gaire duit a fháil anseo: <http://europa.eu/contact>

### AR AN bhFÓN NÓ LE RÍOMHPHOST

Seirbhís is ea *Europe Direct* a thabharfaidh freagra duit ar cheisteanna faoin Aontas Eorpach: Is féidir leat dul i dteagmháil leis an tseirbhís sin:

- ag uimhir shaorghlao: **00 800 6 7 8 9 10 11** (d’fhéadfadh oibreoirí áirithe táille a ghearradh as na glaonna sin),
- ag an ngnáthuimhir seo a leanas: **+32 22999696**, nó
- le ríomhphost, tríd an suíomh: <http://europa.eu/contact>

## Eolas a fháil faoin Aontas Eorpach

### AR LÍNE

Tá eolas faoin Aontas Eorpach ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ar an suíomh gréasáin *Europa* ag: <http://europa.eu>

### FOILSEACHÁIN DE CHUID AN AONTAIS

Is féidir leat foilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh, idir cinn saor in aisce agus cinn a bhfuil praghas orthu, a íoslódáil nó a ordú ó *EU Bookshop* ag: <https://bookshop.europa.eu>. Más mian leat a lán cóipeanna de na foilseacháin saor in aisce a fháil, is féidir dul i dteagmháil le *Europe Direct* nó le díonad eolais áitiúil chun é sin a dhéanamh (féach <http://europa.eu/contact>).

### DLÍ AN AONTAIS EORPAIGH AGUS DOICIMÉID GHAOLMHARA

Chun teacht ar eolas dlíthiúil ón Aontas Eorpach, dlí an Aontais Eorpaigh ón mbliain 1951 ar aghaidh sna teangacha oifigiúla san áireamh, téigh chuig EUR-Lex ag:

<http://eur-lex.europa.eu>

### SONRAÍ OSCAILTE ÓN AONTAS EORPACH

Is féidir teacht ar thacair shonraí ón Aontas Eorpach ag Tairseach Sonraí Oscailte an Aontais (<http://data.europa.eu/euodp/en/data>). Is féidir sonraí a íoslódáil agus a athúsáid saor in aisce, ar bhonn tráchtála nó ar bhonn neamhthráchtála.

